# Polasaí  Na Gaoluinne i Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin.

## Cúlra.

**Is scoil Ghaeltachta í  Scoil Naomh Gobnait,go bhfuil stair agus tradisiún  láidir gaoluinne agus oideachais á leanúint. Osclaíodh an chéad bhunscoil i nDún Chaoin sa bhliain 1841 agus táthar ag leanúint leis an dtraidisiún foghlama go dti an lá atá inniu ann. D'fhreastal scríobhneoirí móra na Gaeltachta ar an scoil seo- ina measc, Peig Sayers, Seán Ó Dálaigh, agus Pádraig Ua Maoileoin. Bhí an stairí agus an t-údar  Micheal Ó Dubhshláine mar phríomh-oide uirthi ar feadh tríocha blian.**

**Tá an Ghaoluinn mar chéad teanga ag tromlach na leanaí. Chomh maith leis sin, bíonn leanaí gan Ghaoluinn agus eachtrannaigh nach mbíonn Béarla ná Gaoluinn acu. Mar sin, bímid ag freastal ar réimse leathan cumais sa teanga. Is dushlán ana mhór é an cumas teangeolaíoch a bhaint amach, chun go mbeidh na leanaí ar a suaimhneas ag déileail leis na h-ábhair eile sa churaclam.**

## Fís.

- **Is í an Ghaoluinn gnáth theanga chumarsáide na scoile agus ba mhaith le múinteoirí agus pobal iomlán na scoile dearcadh dearfach a chothú i leith na Gaoluine.**
- **Is í an Ghaoluinn gnáththeanga leanaí na scoile sa seomra ranga agus sa chlós.**
- **Cothófar grá don nGaoluinn agus don gcultúr gaelach.**
- **Cuirfear le líofacht, le saibhreas agus le cruinneas teangan,le feasacht teanga agus feasacht cultúir.**
- **Tá sé mar aidhm againn ard chumas dá theangachais a bhaint amach do gach páiste. Múintear gach ábhar trí Ghaoluinn ach amháin an Béarla.**
- **Déantar an Béarla a mhúineadh go cruinn is go beacht, le béim ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus an fhilíocht.Cothaítear spéis i léitheoireacht.Tugtar le**

**tuiscint dos na tuismitheoiri go múintear an Béarla go h-éifeachtúil ar scoil. Mar sin ni gá dos na tuismitheoiri bheith buartha fé labhairt an Bhéarla agus is féidir leo an Ghaoluinn a chothú mar theanga ón gcliabháin i gcónai.**

- **Feictear chuige go bhfuil saibhreas na Gaoluinne ós comhair na leanbh i gcónaí le scéalta, sean fhocail, ruchain, drámaíocht agus a léitheid.**
- **Cothaítear mórtas sna leanaí as a gcumas dátheangach/ iltheangach**
- **Aithnítear san Acht Oideachais go bhfuil ról lárnach ag na scoileanna Gaeltachta maidir le caomhnú agus cur chun cinn na Gaoluinne sna ceantair Gaeltachta.**
- **Is mian leis an scoil seo cur le forás iomlán gach leanbh faoina cúram: le forbairt shóisialta, chognaíoch, theangeolaíoch, mhothúcanach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil gach linbh a chur chun cinn.**

## Cur i gcrích ár bhfíse.

- **Tá tús áit ag an nGaoluinn i ngach gné don scoil.**
- **Eagraítear cruinnithe an Bhoird Bainistíocta as Gaoluinn.**
- **Bíonn litreacha go tuismitheoirí as Gaoluinn amháin. Míníonn na leanaí na litreacha dá dtuismithoirí agus tá na múinteoirí ar fáil chun míniú mas gá.**
- **Mínítear polasaí na Gaoluinne dos na tuismitheoirí roimh chlárú a leanbh sa scoil.**
- **Cuirtear tuismitheoiri ar an eolas faoi ranganna gaoluinne más gá.**
- **Tá cuntóir teangan sa scoil ó 1992 i leith a chabhraíonn le leanaí ar bheagán Ghaoluinne agus a chuireann le saibhreas teangan na leanaí le Gaoluinn.**
- **Deintear tréan iarracht i gcónaí aoichainteoirí a aimsiú go bhfuil líofacht gaoluinne acu. Tugtar**

**cuireadh go minic do mhuintir na háite teacht isteach chugainn. M.sh. Dómhnal Mac Síthigh. Maidhc Dainnín, Áine Ui Laoithe, Dómhnal Ó Bric. Muireann Nic Amhlaoibh, Breandán Feiritéar, Máire Feiritéar. Bhíodh Micheál Ó Dubhshláine agus Bab Féirtéar ar cuairt chugainn go minic.Beannacht Dé lena n-anamnacha.**

- **Bronntar Corn Bhab Feirtéar gach bliain ar bheirt leanbh ón scoil a dhéanann an iarracht is láidre an Ghaoluinn a chur chun cinn ag ocáid bliantúil.**
- **Bíonn na searmanaisí Eaglasta ar fad as Gaoluinn.**
- **Bíonn Ceolchoirm na Nollag go h-iomlán tré Gaoluinn.**
- **Ceannaítear gach leabhar Gaoluinne a fhoilsítear agus tá leabharlann ana bhreá againn.**
- **Bíonn cuid den dtacaíocht foghlama as Gaoluinn chun cabhrú leis na leanaí ullmhú don mheánscoil.**
- **Tosnaítear le múineadh na leitheoireachta sa Ghaoluinn agus tá Seidean Sí in úsáid sa scoil.**
- **Tá áiseanna do gach sórt ag an scoil agus usáidtear ríomhairi agus aiseanna iontacha Fios Feasa go rialta sa scoil. Tá clár bán idirghníomhach againn a chuirfidh go mór lenár gcumas achmhainní a chruthú.**
- **Cothaítear meas ar theangacha agus ar chultúir eile. Bhíomar páirteach i scéim Eorpach,- Commenius, nuair a thaisteal leanaí agus múinteoirí go dti an Iodáil agus an Dainmhairg. Thaistealaíomar ar fuaid na Fraince leis.Bhi ranganna Iodáilise againn agus is minic a fhoghlamaimid frásai as Fraincis no Gearmáinise Fáiltímid roimh stróinséiri i gcónaí agus is breá linn foghlaim faoin a gcultúr.**
- **Táimid páirteach i scéim múineadh na fraincise mar tríú teanga.**